CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2021/416 ÓN gCOMHAIRLE

an 22 Feabhra 2021

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh I gComhchoiste AE-na hEilvéise arna bhunú leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le cigireachtaí agus foirmiúlachtaí a shimpliú i leith earraí a iompar agus maidir le bearta slándála custaim a mhéid a bhaineann leis an leasú ar Chaibidil III den Chomhaontú sin agus ar Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an gComhaontú sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le cigireachtaí agus foirmiúlachtaí a shimpliú i leith earraí a iompar agus maidir le bearta slándála custaim ([1]) ("an Comhaontú") i bhfeidhm an 1 Eanáir 2011.

(2) De bhun Airteagal 21(2) den Chomhaontú, féadfaidh an Comhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú ("an Comhchoiste") Caibidil III den Chomhaontú, agus na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú, a leasú, trí chinntí uaidh le linn an chéad seisiúin eile dá chuid nó trí mhalartú litreacha.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 22(4) den Chomhaontú, más rud é nach féidir cinneadh a ghlacadh chun na leasuithe ar an gComhaontú agus na leasuithe ar reachtaíocht an Aontais a chur chun feidhme go comhuaineach, tá na leasuithe dá bhforáiltear sa dréachtchinneadh arna chur isteach lena fhormheas ag na Páirtithe Conarthacha le cur chun feidhme go sealadach, i gcás inar féidir, ón 15 Márta 2021 amach, i gcomhréir le nósanna imeachta inmheánacha na bPáirtithe Conarthacha. Beidh an rogha dáta sin i gcomhthráth leis an gcéad eisiúint de Chóras Rialaithe Allmhairí 2, rud ar chomhaontaigh an Eilvéis páirt a ghlacadh ann.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a mhéid a bhaineann le leasú ar Chaibidil III den Chomhaontú, agus ar Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an gComhaontú, a bhunú, toisc go mbeidh an leasú ina cheangal ar an Aontas.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart seasamh an Aontais sa Chomhchoiste a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Beidh an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le cigireachtaí agus foirmiúlachtaí a shimpliú i leith earraí a iompar agus maidir le bearta slándála custaim a mhéid a bhaineann leis an leasú ar Chaibidil III den Chomhaontú sin agus ar Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an gComhaontú sin, bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gComhchoiste ([2]).

([1]) IO L 199, 31.7.2009, lch. 24.
([2]) Féach doiciméad ST 5658/21 ar http://register.consilium.europa.eu

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22 Feabhra 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES